# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Corpoideachas

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Nótaí maidir leis an Scéim Mharcála

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí nach mór a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.

Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist; m.sh. d'fhéadfadh trí fhochuid a bheith ag baint le ceist; agus 12 mharc san iomlán curtha i leith na ceiste sin. Tharlódh gur mar seo a leanas a bheadh an scéim mharcála: 6 + 3 +3. Ciallaíonn sin go mbronntar 6 mharc an ceann i leith an chéad fhreagra chirt agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra chirt ina ndiaidh sin.

Is mar threoir a thugtar na samplaí go léir, ní mór samplaí cearta ábhartha eile a mheas.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna (más iomchuí) |
|---|---|---|
| ✓n | Faisnéis bhailí | 1-6 |
| ✓ | Faisnéis ceart | N/B |
| [0] | Freagra mícheart | 0 |
| ✗ | Freagra mícheart / faisnéis neamhbhailí | N/ |
| 〰 | Cuid shuntasach de fhreagra | N/B |
| ⌇ | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir | N/B |

| **Roinn A** | **40 marc** |
|---|---|

Freagair 5 cheist ar bith ó 1-12.**8 marc** in aghaidh na ceiste.

**Ceist 1.**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Sainaithnítear 4 shaintréith a bhaineann le feidhmíocht lúthchleasaithe sároilte | 8 marc |
| Sainaithnítear saintréith d'fheidhmíocht oilte i gceart<br><br>M.sh.<br>Feasacht chinéistéiseach, Dúil, Leanúnachas, Teicníc Bheacht, | 4 x 2 mharc |

**Ceist 2**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **(a)** 4 mharc Sainmhíniú ar an bhfocal 'urraíocht'<br>**(b)** 4 mharc Sainmhíniú ar an bhfocal 'marsantú' | 8 marc |
| **(a)**<br>Sainmhíniú cruinn ar an bhfocal 'urraíocht'<br><br><br>Sainmhíniú cruinn ar an bhfocal 'marsantú' | <br>2 mharc<br><br><br>2 mharc |
| **(b)**<br>Déan plé ar an tionchar is féidir a bheith ag an marsantú ar an spórt<br><br>An-mhaith / Ar fheabhas- 4 mharc<br>Maith- 3 mharc<br>Réasúnta- 2 mharc<br>Lag- 1 mharc | <br>4 mharc |

**Ceist 3**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Míniú ar 2 straitéis a bhféadfadh lúthchleasaí úsáid a bhaint astu chun an ullmhacht mheabhrach a fheabhsú le linn feidhmíochta i ngníomhaíocht choirp roghnaithe | 8 marc |
| Straitéis oiriúnach tugtha<br><br>Míniú ar an straitéis<br><br>Míniú an-mhaith / Ar fheabhas - 3 mharc<br>Míniú maith- 2 mharc<br>Míniú réasúnta- 1 mharc<br><br>M.sh.: Gnáthamh réamhfheidhmíochta, stopadh/díriú smaointí, Díriú airde ar chur i gcrích, Léirshamhlú, Ligean céimnitheach na matán | 2 x 1 mharc<br><br>2 x 3 mharc |

**Ceist 4**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Sainaithnítear 4 scil idirphearsanta atá inmhianaithe le haghaidh cóitseáil éifeachtach | 8 marc |
| Scil idirphearsanta aitheanta<br><br>M.sh. Scileanna cumarsáide, Éirim mhothúchánach, Ionbhá, Ceannaireacht, Dearfacht, Sárscileanna idirbheartaíochta | 4 x 2 mharc |

**Ceist 5**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Cur síos ar 2 fhorbairt le 20 bliain anuas a chuir leis na deiseanna rannpháirtíochta sa ghníomhaíocht choirp sa ghrúpa roghnaithe | 8 marc |
| An-mhaith / Ar fheabhas - 4 mharc<br>Maith- 3 mharc<br>Réasúnta- 2 mharc<br>Lag- 1 mharc | 2 x 4 mharc |

**Ceist 6**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Míniú ar an dóigh a gcuireann **dhá** cheann de chórais fuinnimh an choirp leis an bhfeidhmíocht i ngníomhaíocht roghnaithe | 8 marc |
| An-mhaith / Ar fheabhas- 4 mharc<br>Maith- 3 mharc<br>Réasúnta- 2 mharc<br>Lag- 1 mharc<br><br>Ba cheart go mbeadh 2 cheann de na 3 chóras a leanas a bheith mar fhreagra ag iarrthóirí:<br>• ATP-PC/Córas anaeróbach alacht-aigéadach<br>• Córas anaeróbach gliocólach/anaeróbach lachtach<br>• Córas aeróbach/ocsaídiúcháin | 2 x 4 mharc |

**Ceist 7**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **(a)** 4 mharc Míniú ar "critéir ealaíne agus aeistéitice na feidhmíochta".<br>**(b)** 4 mharc Luaitear 2 chritéar ealaíne agus aeistéitice na feidhmíochta atá oiriúnach don ghníomhaíocht choirp roghnaithe. Ní cheadaítear surfáil a úsáid. | 8 marc |
| **(a)**<br>Míniú ar an téarma "critéir ealaíne agus aeistéitice na feidhmíochta"<br><br>An-mhaith / Ar fheabhas - 4 mharc<br>Maith- 3 mharc<br>Réasúnta- 2 mharc<br>Lag- 1 mharc | 4 mharc |
| **(b)** 2 x 2 mharc Luaitear 2 chritéar ealaíne agus aeistéitice na feidhmíochta atá oiriúnach don ghníomhaíocht choirp roghnaithe. Ní cheadaítear surfáil a úsáid. | 4 mharc |
| Critéir feidhmíochta luaite i gceart | 2 mharc |

**Ceist 8**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **(a)** 2 mharc Ainmnítear an plána agus an ais trína ngluaiseann caiteoir na teisce nuair a rothlaíonn sé nó sí sula scaoiltear leis an teasc.<br>**(b)** 2 mharc Sainaithnítear gluaiseacht ó ghníomhaíocht choirp roghnaithe a tharlaíonn sa phlána agus ais chéanna a sainaithníodh i gceist **8 (a)**. Ní cheadaítear lúthchleasaíocht a úsáid.<br>**(c)** 3 mharc Déantar gach ceann de na cainníochtaí sin a chatagóiriú mar veicteoir **nó** mar scálach.<br>**(d)** 1 mharc Tugtar cúis leis an gcatagóir a roghnaíodh in **8 (c)** | 8 marc |
| **(a)**<br>Plána ceart ainmnithe- 1 mharc: Plána trasnach<br>Ais cheart ainmnithe- 1 mharc: Ais ingearach/fad-ais | 2 mharc |
| **(b)**<br>Gluaiseacht cheart ainmnithe: | 2 mharc |
| **(c)**<br>Catagóiriú ceart na cainníochta- 3 x 1 mharc<br>Luas- Scálach - 1 mharc<br>Treoluas- Veicteoir 1 mharc<br>Móiminteam- Veicteoir 1 mharc | 3 mharc |
| **(d)**<br>Cosaint oiriúnach | 1 mharc |

**Ceist 9**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Mínítear **dhá** choincheap de chuid na gníomhaíochta coirp - nach imeachtaí oll-rannpháirtíochta iad. | 8 marc |
| Míniú ar choincheap oiriúnach de chuid na gníomhaíochta coirp<br><br>An-mhaith / Ar fheabhas - 4 mharc<br>Maith- 3 mharc<br>Réasúnta- 2 mharc<br>Lag- 1 mharc<br><br>M.sh. Spórt, Fóillíocht/Caitheamh aimsire, Corpoideachas, Súgradh, Oideachas lasmuigh agus eachtraíochta | 2 x 4 mharc |

**Ceist 10**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Déantar cur síos ar an tábhacht a bhaineann le **dhá** bhall éadaí pearsanta agus **dhá** phíosa fearais i gcás oifigigh i ngníomhaíocht choirp roghnaithe. Ní cheadaítear bonn a úsáid | 8 marc |
| Cur síos déanta ar an tábhacht a bhaineann leis an mball éadaí pearsanta chun a bheith i mbun réiteoireachta oiriúnaí- 2 x 2 mharc<br><br>Cur síos déanta ar an tábhacht a bhaineann leis an bpíosa fearais chun a bheith i mbun réiteoireachta oiriúnaí- 2 x 2 mharc | 4 x 2 mharc |

**Ceist 11**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **(a)** 2 mharc Luaitear céard is 'eisceacht i gcomhair úsáid theiripeach (TUE)' atá ann<br>**(b)** 6 mharc Déantar cur síos ar 2 chás ina bhféadfadh Spórt Éireann TUE a dheonú | 8 marc |
| **(a)**<br>Cur síos cruinn déanta ar TUE- 2 mharc<br>Roinnt cruinnis- 1 mharc | 2 mharc |
| (b) 2 x 3 ( 2+1) mharc<br>Cuirtear síos ar chásanna cearta don TUE – 2 mharc<br>Cógas ceart luaite | 6 mharc<br><br>2 mharc + marc amháin |

**Ceist 12**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **(a)** 3 mharc Pléitear cruinneas an ráitis seo - 'Is ionann corpacmhainn a bhaineann le sláinte agus corpacmhainn a bhaineann le feidhmíocht'<br>**(b)** 2 mharc Sainaithnítear an chuid den lúfaireacht corpacmhainne a bhaineann le feidhmíocht.<br>**(c)** 3 mharc Tugtar breac-chuntas ar thábhacht na lúfaireachta san fheidhmíocht rathúil i ngníomhaíocht choirp roghnaithe | 8 marc |
| **(a)**<br>Plé sármhaith / ar fheabhas- 3 mharc<br>Plé maith- 2 mharc<br>Plé réasúnta / lag- 1 mharc<br><br>Caithfear tagairt a dhéanamh do chruinneas an ráiteas sa fhreagra | 3 mharc |
| **(b)**<br>Cur síos cruinn ar 'lúfaireacht' | 2 mharc |
| **(c)**<br>An-mhaith/ Ar fheabhas 3 mharc<br>Maith- 2 mharc<br>Réasúnta / Lag - 1 mharc | 3 mharc |

| **Roinn B** | **Cás-Staidéar** | **50 marc** |
|---|---|---|

**Ceist 13 -** Freagair gach mír (50 marc)

**(a)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **(i)** 3 mharc - Sainaithnítear staid na foghlama is dóichí a bhí sroichte ag Natalya nuair a thosaigh sí ag foghlaim scileanna na pionsóireachta.<br>**(ii)** 6 mharc Déantar cur síos ar **dhá** bhealach a bhféadfadh lúthchleasaí, atá ag staid na foghlama a sainaithníodh in **13 (a) (i),** a scileanna a fheabhsú. | 9 marc |
| **(i)**<br>Staid ainmnithe i gceart- 1 mharc<br>m.sh. An staid chognaíoch/an bhunstaid | 3 mharc |
| (ii) 2 x 3 mharc<br><br>Cur síos an-mhaith / ar fheabhas 3 mharc<br>Cur síos maith 2 mharc<br>Cur síos réasúnta / lag 1 mharc<br><br>M.sh. Cleachtadh seasta, Aiseolas dearfach eistreach, Triail is earráid/féinfhollasú, Aiseolas intreach | 6 mharc |

**(b)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Tugtar breac-chuntas ar 3 mhíbhuntáiste féideartha den urraíocht le haghaidh Natalya. | 9 marc |
| Míbhuntáiste ainmnithe<br>Sonraí curtha ar fáil<br><br>M.sh. Gealltanais ama, Íomhá phoiblí. An seans go mbainfidh an t-urra tairbhe as an lúthchleasaí | 3 x 2 mharc<br>3 x 1 marc amháin |

**(c)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **(i)** 4 mharc Sainaithnítear **dhá** chur chuige maidir leis an traenáil taobh amuigh dá gníomhaíochtaí/himeachtaí a bhféadfadh Natalya úsáid a bhaint astu chun a cuid feidhmíochta lúthchleasaíochta a fheabhsú.<br>**(ii)** 6 mharc Pléitear an dóigh a bhféadfadh an dá chur chuige maidir leis an traenáil a sainaithníodh in **13 (c) (i)** cuidiú le feidhmíocht Natalya sa pheantatlan. | 10 marc |
| **(i)**<br>Cur chuige aitheanta<br><br>M.sh. Traenáil friotaíochta, ióga, pilates | 2 x 2 mharc |
| **(ii)**<br>Plé an-mhaith / Ar fheabhas 3 mharc<br>Plé maith- 2 mharc<br>Plé réasúnta / lag - 1 mharc | 2 x 3 mharc |

**(d)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Scrúdaítear **dhá** chur chuige a bhféadfaí úsáid a bhaint astu chun rannphairtíocht i ngníomhaíocht choirp a chur chun cinn – ní cheadaítear eiseamláirí a úsáid | 10 marc |
| Scrúdú sármhaith- 5 mharc<br>Scrúdú an-mhaith- 4 mharc<br>Scrúdú maith- 3 mharc<br>Scrúdú réasúnta- 2 mharc<br>Scrúdú lag- 1 mharc<br><br>M.sh. Curaclam ilchineálach Corpoideachais a ofráil i scoileanna; Raon gníomhaíochtaí seach-churaclaim a ofráil i scoileanna; Seachtainí gníomhaíochta coirp a reáchtáil i scoileanna agus cead a thabhairt do chlubanna áitiúla a spórt agus gníomhaíocht coirp a chur chun cinn i measc a ndaltaí;Straitéis náisiúnta don ghníomhaíocht choirp- Éire na Sláinte- Get Ireland Active; Feachtais náisiúnta dírithe- Feachtas 20 x 20 de chuid Spórt Éireann; Clubanna áitiúla spóirt ag spreagadh a n-imreoirí sinsearacha chun foirne faoi aois sa chlub a chóitseáil;Forbairt fóntais phoiblí ghníomhaíochta coirp ar nós conairí siúil; Tionscnaimh dhírithe arna forbairt ag Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt chun gníomhaíocht choirp a chur chun cinn i ngrúpaí áirithe | 2 x 5 mharc |

**(e)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Déantar anailís ar na héilimh fhisiceacha agus theicniúla a chuireann gníomhaíocht choirp roghnaithe ar lúthchleasaí | 12 mharc |
| Anailís shármhaith / Ar fheabhas- 5-6 mharc<br>Anailís mhaith- 3-4 mharc<br>Anailís réasúnta / lag - 1-2 mharc<br><br>Caithfidh baint a bheith ag an anailís le feidhmíocht sa ghníomhaíocht coirp roghnaithe | 2 x 6 mharc |

## Roinn C 80 marc

Freagair **dhá** cheist ar bith, as na ceisteanna 14, 15, 16, 17 agus 18. **40 marc** in aghaidh na ceiste.

**Ceist 14** **(40 marc)**

**(a)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Déantar cur síos **dhá** ghortú éagsúla a bhaineann do rannpháirtithe go minic i ngníomhaíocht choirp roghnaithe agus cóireáil gharchabhrach chuí do na gortuithe seo. | 6 mharc |
| Plé an-mhaith / Ar fheabhas 3 mharc<br>Plé maith- 2 mharc<br>Plé réasúnta / lag - 1 mharc | 2 x 3 mharc |

**(b)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **(i)** 4 mharc Déantar cur síos ar struchtúr téamh suas is féidir le lúthchleasaithe a úsáid chun a chinntiú go bhfuil siad ullmhaithe mar is cuí don fheidhmíocht atá le teacht.<br>**(ii)** 4 mharc Tugtar breac-chuntas ar **dhá** chúis a gcuirfeadh cóitseálaí seal fuaraithe san áireamh ag deireadh seisiúin traenála. | 8 marc |
| **(i)**<br>Cur síos an-mhaith / ar fheabhas- 4 mharc<br>Cur síos maith- 3 mharc<br>Cur síos réasúnta- 2 mharc<br>Cur síos lag- 1 mharc<br><br>M.sh. téamh suas AGON (RAMP): Ardaigh, Gníomhachtaigh, Oibrigh, Neartaigh | 4 mharc |
| **(ii)**<br>Breac-chuntas tugtha ar chúis cheart 2 x 2 mharc | 4 mharc |

**(c)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| (i) 5 mharc Míniú ar an téarma 'gníomhaíocht choirp oiriúnaithe'.<br>(ii) 9 marc Moltar **trí** bhealach a bhféadfadh scoil an soláthar deiseanna ar ghníomhaíocht choirp oiriúnaithe a fheabhsú. | 14 mharc |
| **(i)**<br>Míniú an-mhaith / ar fheabhas- 4-5 mharc<br>Míniú maith- 3 mharc<br>Míniú réasúnta / lag- 1 – 2 mharc | 5 mharc |
| **(ii)**<br>Moladh cuí<br><br>Soláthraítear forbairt ar féidir leis an mbealach seo deiseanna ar ghníomhaíocht choirp oiriúnaithe a fheabhsú<br><br>M.sh.<br>• Fearas ar leith a cheannach don roinn corpoideachais ar nós púicíní, liathróidí le cloigíní srl; Dul i gcomhpháirtíocht le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann nó eagraíocht chomhchosúil chun ceardlanna oideachais agus ceardlanna praiticiúla a reáchtáil le daltaí; Cinntiú go bhfuil na háiseanna spóirt agus corpoideachais inrochtana le haghaidh gach dalta; Oiliúint áirithe i leith gníomhaíochta coirp oiriúnaithe a thabhairt do mhúinteoirí corpoideachais agus dóibh siúd a reáchtálann gníomhaíochtaí seach-churaclaim; scéim i leith gníomhaíochta coirp oiriúnaithe a thabhairt isteach i bplean corpoideachais na scoile don sraith shóisearach. | 3 x 2 mharc<br><br>3 x 1 marc amháin |

**(d)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Scrúdaítear an dóigh a mbíonn baint ag gach ceann de **thrí** dhlí ghluaisne Newton le feidhmíocht i ngníomhaíocht choirp roghnaithe | 12 mharc |
| Marcanna le haghaidh gach dlí a scrúdaítear:<br><br>Scrúdú an-mhaith / ar fheabhas - 4 mharc<br>Scrúdú maith- 3 mharc<br>Scrúdú réasúnta- 2 mharc<br>Scrúdú lag- 1 mharc<br><br>Caithfidh freagraí díriú ar na 3 dhlí ghluaisne:<br>Dlí 1- Dlí na táimhe. Fanfaidh rud atá ar fos amhlaidh agus fanfaidh réad atá faoi shiúl amhlaidh le treoluas mura ngníomhaíonn fórsa seachtrach air.<br><br>Dlí 2- Dlí an luasghéaraithe<br>Fórsa = mais iolraithe faoi luasghéarú.<br><br>Dlí 3- Dlí an fhrithghníomhaithe<br>Bíonn malairt frithghníomhaithe chothroim ag baint le gach gníomh. | 3 x 4 mharc |

**Ceist 15** **(40 marc)**

**(a)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Déantar cur síos ar **dhá** dheis a chuireann imeachtaí oll-rannpháirtíochta ar fáil do lucht gnó agus fiontraíochta. | 8 marc |
| Cur síos an-mhaith / ar fheabhas - 4 mharc<br>Cur síos maith- 3 mharc<br>Cur síos réasúnta - 2 mharc<br>Cur síos lag - 1 mharc | 2 x 4 mharc |

**(b)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Scrúdaítear an dóigh a bhféadfadh mná nó grúpa eile (as an liosta tugtha) aghaidh a thabhairt ar na constaicí atá sa bhealach orthu maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp: | 8 marc |
| Scrúdú an-mhaith / ar fheabhas - 4 mharc<br>Scrúdú maith- 3 mharc<br>Scrúdú réasúnta- 2 mharc<br>Scrúdú lag- 1 mharc<br><br>Caithfidh freagraí an dóigh a bhféadfadh an grúpa roghnaithe aghaidh a thabhairt ar na constaicí atá sa bhealach orthu a scrúdú agus nasc a dhéanamh leis an ngníomhaíocht choirp | 2 x 4 mharc |

**(c)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **(i)** 2 mharc Sainmhínítear toisc shíceolaíoch am imní.<br>**(ii)** 5 mharc Déantar plé ar an dóigh a bhféadfadh an imní tionchar a imirt ar fheidhmíocht lúthchleasaí.<br>**(iii)** 5 mharc Déantar plé ar an dóigh a bhféadfadh toisc shíceolaíoch eile (nach í an imní í) tionchar a imirt ar fheidhmíocht lúthchleasaí. | 12 mharc |
| **(i)**<br>Sainmhíniú cuí<br><br>m.sh. Is staid neirbhíse nó buartha maidir le bagairt í an imní. Is féidir léi a bheith fisiceach, meabhrach nó iompraíoch. | 2 mharc |
| **(ii)**<br>Plé an-mhaith / ar fheabhas - 4-5 mharc<br>Plé maith- 2-3 mharc<br>Plé réasúnta / lag- 1 mharc<br><br>Caithfidh an freagra nasc a chruthú idir an imní agus an fheidhmíocht lúthchleasaíochta | 5 mharc |
| **(iii)**<br>Cur síos an-mhaith / ar fheabhas - 4-5 mharc<br>Cur síos maith- 2-3 mharc<br>Cur síos réasúnta / lag- 1 mharc<br><br>Caithfidh an freagra nasc chruthú idir an toisc shíceolaíoch agus an tionchar a d'fhéadfadh sí a imirt ar an bhfeidhmíocht | 5 mharc |

**(d)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **(i)** 6 mharc Luaitear **trí** chritéar a chuirfí san áireamh i gcáipéis i dtaca le roghnú urra tráchtála do chlub spóirt don óige<br>**(ii)** 6 mharc Roghnaigh **dhá** cheann de na critéir a luaigh tú i gceist **17 (d) (i)** agus tabhair breac-chuntas ar 2 cheann de na critéir luaite in (i) a chur san áireamh i gcód cleachtais i dtaca le roghnú urra tráchtála do chlub spóirt don óige. | 12 mharc |
| **(i)**<br>Critéar cuí luaite<br><br>Caithfidh an freagra a bheith ábhartha maidir le roghnú urra do chlub spóirt don óige | 3 x 2 mharc |
| **(ii)** 3 mharc in aghaidh an chritéir atá pléite<br><br>Plé an-mhaith / ar fheabhas - 3 mharc<br>Plé maith- 2 mharc<br>Plé réasúnta / lag - 1 mharc<br><br>Caithfidh an freagra tagairt a dhéanamh do 2 chritéar tugtha in (i) agus caithfidh baint a bheith aige le cuimsiú na gcritéar seo i gcód cleachtais maidir le hurra tráchtála a roghnú do chlub spóirt don óige | 2 x 3 mharc |

**Ceist 16** **40 marc**

**(a)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **(i)** 2 mharc Sainmhínítear ionracas<br><br>**(ii)** 5 mharc Tugtar breac-chuntas ar thábhacht an ionracais sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe<br>**(iii)** 2 mharc Sainaithnítear dara prionsabal den chleachtas eiticiúil - nach ionracas é | 12 mharc |
| **(i)**<br>Sainmhíniú cuí ar ionracas | 2 mharc |
| **(ii)**<br>Breac-chuntas an-mhaith / ar fheabhas 4-5 mharc<br>Breac-chuntas maith- 2-3 mharc<br>Breac-chuntas réasúnta / lag- 1 mharc<br><br>Caithfidh an freagra nasc a chruthú idir ionracas agus an gníomhaíocht choirp roghnaithe | 5 mharc |
| **(iii)**<br>Prionsabal sainaitheanta i gceart<br>Glac le: Meas; Cothroime; Cóir | 2 mharc |

**(b)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Scrúdaítear an nós gur féidir le lúthchleasaithe a úsáideann drugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht (DCFanna) dochar suntasach a dhéanamh don spórt ina mbíonn siad ag iomaíocht. | 7 marc |
| Scrúdú an-mhaith / ar fheabhas - 6-7 marc<br>Scrúdú maith- 4-5 mharc<br>Scrúdú réasúnta- 2-3 mharc<br>Scrúdú lag- 1 mharc<br><br>Caithfidh an freagra an dochar a fhéadfar a dhéanamh don spórt, mar gheall ar úsáid DCFanna sa spórt sin, a scrúdú<br>M.sh. féadfar amhras a chaitheamh ar chultúr agus ar ionracas an spóirt, féadfaidh rannpháirtíocht sa spórt a bheith laghdaithe toisc gur féidir go mbeidh imní ar dhaoine go bhfuil cultúr ann a ghlacann le DCFanna, féadfaidh tuismitheoirí a bheith drogallach ligean dá bpáistí a bheith sna timpeallachtaí sin, urraíochtaí bainte den spórt, den CNR agus d'imeachtaí bainteacha spóirt. | |

**(c)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Aithnítear 3 chatagóir de DCFanna<br>Ainmnítear sampla de dhruga i ngach catagóir<br>Luaitear éifeacht a chuireann leis an bhfeidhmíocht atá ag gach ceann de na DFCanna ainmnithe. | 12 mharc |
| Ainm na catagóire<br>Ainm an DCF<br>Éifeacht a chuireann leis an bhfeidhmíocht<br>m.sh.<br>• Spreagthaigh; Támhshuanaigh; Oibreáin Anabalacha; Fualbhrostaigh; Hormóin pheiptíde | 3 x 1 mharc<br>3 x 1 mharc<br>3 x 2 mharc |

**(d)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| Scrúdaítear **trí** chúinse cothaithe le cur san áireamh nuair a bhíonn réim cothaithe á dearadh do lúthchleasaí i ngníomhaíocht choirp roghnaithe – níl cead forbhianna spóirt a úsáid mar fhreagra | 12 mharc |
| Scrúdú an-mhaith / ar fheabhas - 4 mharc<br>Scrúdú maith- 3 mharc<br>Scrúdú réasúnta- 2 mharc<br>Scrúdú lag- 1 mharc<br><br>Caithfidh cúinsí cothaithe an fhreagra a bheith bainteach leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe.<br>Féadfaidh na cúinsí cothaithe a leanas a bheith san áireamh:<br>• Iontógáil charbaihiodráití<br>• Iontógáil phróitéine<br>• Cúinsí micreachothaithigh<br>• Comhuainiú iontógáil na gcothaitheach<br>• An cineál gníomhaíochta ina mbíonn an lúthchleasaí ag iomaíocht<br>• Cuspóirí an lúthchleasaí<br>• Cúinsí hiodráitithe;<br>• Cúinsí ábhartha eile | 3 x 4 mharc |

**Ceist 17** **(40 marc)**

**(a)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **(i)** 4 mharc Sainmhíniú ar sheasmhacht na mhatán<br>**(ii)** 4 mharc Cur síos ar an difríocht ó thaobh na déine de idir traenáil le haghaidh sheasmhacht na matán agus traenáil le haghaidh neart na matán. | 8 marc |
| **(i)**<br>Sainmhíniú cruinn ar neart na matán<br>Sainmhíniú cruinn ar sheasmhacht na matán | <br>2 mharc<br>2 mharc |
| **(ii)**<br>Cur síos an-mhaith / ar fheabhas - 4 mharc<br>Cur síos maith- 3 mharc<br>Cur síos réasúnta- 2 mharc<br>Cur síos lag- 1 mharc<br><br>Caithfidh an freagra tagairt a dhéanamh do neart na matán agus seasmhacht na matán araon agus caithfear aird a thabhairt ar an difríocht eatarthu ó thaobh dhéine na traenála de | 4 mharc |

**(b)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **(i)** 6 mharc Sainmhínítear **trí** phrionsabal traenála a bhféadfadh cóitseálaithe úsáid a bhaint astu agus iad ag dearadh pleananna traenála d'fhonn leibhéil chorpacmhainne lúthchleasaí a fheabhsú.<br>**(ii)** 6 mharc Ainmnítear prionsabal eile traenála agus tugtar breac-chuntas ar a thábhacht maidir le dearadh pleananna éifeachtacha traenála don chorpacmhainn. | 12 mharc |
| **(i)**<br>Sainmhíniú cruinn ar phrionsabal traenála<br><br>Féadfaidh na prionsabail sainmhínithe seo a leanas a bheith cuimsithe: Sainiúlacht, Rólódáil forchéimnitheach; Inchúlaitheacht; Leimhe; Indibhidiúlacht/Riachtanais aonair, Torthaí laghdaitheacha; Oiriúnú; Téarnamh | <br>3 x 2 mharc |
| **(ii)**<br>Prionsabal ainmnithe go cruinn – nach bhfuil luaite in (i)<br><br>Breac-chuntas ar thábhacht na bprionsabal roghnaithe maidir le dearadh pleananna éifeachtacha traenála don chorpacmhainn.<br>Breac-chuntas an-mhaith / ar fheabhas - 4 mharc<br>Breac-chuntas maith- 3 mharc<br>Breac-chuntas réasúnta- 2 mharc<br>Breac-chuntas lag- 1 mharc | <br>2 mharc<br><br>4 mharc |

**(c)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Tugtar breac-chuntas ar mhodh cuí le hanailís a dhéanamh ar gach ceann de na **ceithre** ghné den fheidhmíocht:<br>Cóiréagrafaíocht, Ullmhacht shíceolaíoch, Scil agus Teicníc, Struchtúir agus Straitéisí. Ní ghlactar le gach modh anailíse ach uair amháin | 8 marc |
| Modh cuí anailíse ainmnithe<br><br>Fíric shaintréitheach ghonta faoin modh tugtha, caithfidh baint cuí a bheith aici leis an ngné den fheidhmíocht | 4 x 1 mharc<br><br>4 x 1 mharc |

**(d)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **(i)** 2 mharc Ainmnítear an Coiste Náisiúnta Rialaithe (CNR) le haghaidh gníomhaíocht choirp ainmnithe roghnaithe.<br>**(ii)** 10 marc Scrúdaítear an dóigh a dtacaíonn an CNR ainmnithe in 15(d)(i), leis an rannpháirtíocht áitiúil sa ghníomhaíocht choirp. | 12 mharc |
| **(i)**<br>Ainm ceart de CNR tugtha<br>Mar shampla Cumann Lúthchleas Gael (CLG) | 2 mharc |
| **(ii)**<br>Scrúdú an-mhaith / ar fheabhas - 8-10 marc<br>Scrúdú maith- 6-7 marc<br>Scrúdú réasúnta- 3-5 mharc<br>Scrúdú lag- 1-2 mharc<br><br>Féadfar na samplaí seo a leanas a bheith cuimsithe: An spórt a ullmhú agus a riar in Éirinn; Cóitseálaithe a oiliúint le haghaidh clubanna, Áiseanna agus fearas a sholáthar le pobail áitiúla; deiseanna áitiúla a sholáthar maidir le rannpháirtíocht sa spórt; conairí chuig barr feabhais a fhorbairt; Tionscnaimh áitiúla | 10 marc |

**Ceist 18** **(40 marc)**

**(a)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **(i)** 6 mharc Críochnaítear an tábla a bhaineann le húsáid luamhán i gcleachtadh scileanna/teicnící.<br>**(ii)** 4 mharc Roghnaítear aicme **amháin** luamháin agus mínítear an dóigh a mbaineann an scil/teicníc a sainaithníodh in **18 (a) (i)** úsáid as an aicme sin luamháin. | 10 marc |
| **(i)**<br>Oirtear scil do ghníomhaíocht choirp<br><br>Aithnítear gníomhú ailt atá ceart agus cuí | <br>3 x 1 mharc<br><br>3 x 1 mharc |
| **(ii)**<br>Mínítear conas a bhaineann luamhán leis an scil a shainaithnítear i (i)<br><br>Plé an-mhaith / ar fheabhas - 4 mharc<br>Plé maith- 3 mharc<br>Plé réasúnta- 2 mharc<br>Plé lag- 1 mharc | <br>4 mharc |

**(b)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| Déantar plé ar dhá shampla den dóigh a bhféadfadh an leithcheal tionchar a imirt ar an soláthar do ghníomhaíocht choirp le haghaidh grúpa roghnaithe | 8 marc |
| Plé an-mhaith / ar fheabhas - 4 mharc<br>Plé maith- 3 mharc<br>Plé réasúnta- 2 mharc<br>Plé lag- 1 mharc<br><br>Caithfidh an freagra tagairt a dhéanamh do sholáthar do ghníomhaíocht choirp le haghaidh an ghrúpa roghnaithe | 2 x 4 mharc |

**(c)**

| **Cur síos** | **Marcanna** |
|---|---|
| **(i)** 2 mharc Ainmnítear Polasaí náisiúnta a chuireann an rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp chun cinn<br>**(ii)** 4 mharc Pléitear **dhá** shochar shóisialta do dhaoine fásta a bhaineann leis an rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp.<br>**(iii)** 6 mharc Tugtar breac-chuntas ar **dhá** thacaíocht leis an rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a d'fhéadfadh a bheith ag déagóirí i suíomh iar-bhunscoile. | 12 mharc |
| **(i)**<br>Beartas ceart ainmnithe<br><br>M.sh.<br>Get Ireland Active (Spórt Éireann) | 2 mharc |
| **(ii)**<br>Plé maith- 2 mharc<br>Plé réasúnta / lag - 1 mharc<br><br>Caithfidh na samplaí a bheith ina sochair shóisialta | 2 x 2 mharc |
| **(iii)**<br>Cur síos maith - 2 mharc<br>Cur síos réasúnta / lag - 1 mharc<br><br>Caithfidh an freagra a bheith ábhartha le haghaidh déagóirí agus tagairt a dhéanamh do thacaíochtaí leis an rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp i suíomh iar-bhunscoile | 3 x 2 mharc |

**(d)**

| Cur síos | Marcanna |
|---|---|
| **(i)** 4 mharc Pléitear an ról is féidir a bheith ag margaíocht an spóirt i gcur chun cinn na turasóireachta in Éirinn.<br>**(iii)** 6 mharc Tugtar breac-chuntas ar **thrí** phríomhthoradh a bhí ar iniúchtaí ar an bpáirt a ghlacann gnólacht ainmnithe i gcúrsaí spóirt. | 10 marc |
| **(i)**<br>Plé an-mhaith / ar fheabhas - 4 mharc<br>Plé maith- 3 mharc<br>Plé réasúnta- 2 mharc<br>Plé lag- 1 mharc<br><br>Caithfidh an freagra a bheith oiriúnach do chur chun cinn na turasóireachta in Éirinn, a chuirtear chun cinn mar gheall ar mhargaíocht an spóirt | 4 mharc |
| **(ii)**<br>Tugtar breac-chuntas soiléir ar thoradh oiriúnach ó iniúchadh ar ghnólacht ar leith sa spórt<br><br>Caithfidh na freagraí gnólacht ar leith a lua agus tagairt a dhéanamh do bhaint an ghnólachta seo leis an spórt | 3 x 2 mharc |

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

*Tábla 170 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 170 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 127 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 128 - 130 | 12 |
| 131 - 133 | 11 |
| 134 - 136 | 10 |
| 137 - 140 | 9 |
| 141 - 143 | 8 |
| 144 - 146 | 7 |
| 147 - 150 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 151 - 153 | 5 |
| 154 - 156 | 4 |
| 157 - 160 | 3 |
| 161 - 163 | 2 |
| 164 - 166 | 1 |
| 167 - 170 | 0 |
| | |

**Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal**

**100 marc**

Tá 20% de na marcanna atá ar fáil i scrúdú Ardteistiméireachta an Chorpoideachais ag dul don Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp agus déantar é a mheasúnú ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal.

## Scéim Marcála Ardleibhéil an Chorpoideachais don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp [100 marc]

| Roinn A<br>22 marc | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| Thart ar 400 focal molta | Sár-anailís, naisc déanta le prionsabail theoiriciúla iontaofa agus baint acu leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaítear. | Naisc déanta le prionsabail theoiriciúla iontaofa agus baint acu leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaítear. | Fianaise de naisc theoiriciúla agus iad bainteach leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaítear. | Fianaise theoranta de naisc theoiriciúla, eolas ginearálta seachas eolas a bhfuil baint ar leith aige leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaítear. | Beagán fianaise nó gan aon fhianaise in aon chor tugtha mar bhonn teoiriciúil, nach bhfuil oiriúnach don ghníomhaíocht choirp a roghnaítear. |
| | | | | | |
| **Anailís Feidhmíochta**<br><br>An íomhá a léirítear ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe. | Anailís agus léirmhíniú cuimsitheach ar réimse mór sonraí ó ghnéithe éagsúla a mbíonn tionchar acu ar bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp a roghnaítear.<br>An gaol idir na torthaí agus an fheidhmíocht sainaitheanta.<br>Déantar an t-eolas a léirmhíniú go soiléir, go cruinn agus naisc shoiléire déanta leis an ngníomhaíocht choirp agus an teoiric roghnaithe.<br>Uirlisí anailíse curtha i bhfeidhm go sármhaith. | Déantar anailís agus léirmhíniú mionsonraithe ar réimse sonraí ó réimsí feidhmíochta a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh.<br>An nasc idir na torthaí agus an fheidhmíocht sainaitheanta.<br>Déantar an t-eolas a léirmhíniú go cruinn agus naisc déanta leis an ngníomhaíocht choirp agus an teoiric roghnaithe.<br>Uirlisí anailíse ábhartha agus úsáid cheart bainte astu. | Déantar anailís agus léirmhíniú ar shonraí oiriúnacha ó phríomhréimsí feidhmíochta a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh.<br>Naisc áirithe déanta idir na torthaí agus an fheidhmíocht.<br>Déantar an t-eolas a léirmhíniú go soiléir agus cruthaítear naisc áirithe leis an ngníomhaíocht choirp agus an teoiric roghnaithe.<br>Úsáid cheart bainte as uirlisí anailíse. | Déantar anailís áirithe ar na réimsí feidhmíochta oiriúnacha chomh maith le léirmhíniú teoranta ar shonraí.<br>Déantar an t-eolas a léirmhíniú gan ach fianaise áirithe ann go ndearnadh nasc leis an ngníomhaíocht choirp agus an teoiric roghnaithe.<br>Cruinneas áirithe maidir le húsáid na n-uirlisí anailíse. | Beagán anailíse nó gan anailís ar bith déanta ar na réimsí feidhmíochta oiriúnacha agus fíorbheagán léirmhínithe déanta ar shonraí.<br>Déantar an t-eolas a léirmhíniú uaireanta gan iarracht ar bith déanta nasc a chruthú leis an ngníomhaíocht choirp ná leis na teoiric a roghnaíodh. |
| **18 marc** | **18 marc** | **14- 17 marc** | **10- 13 marc** | **6- 9 marc** | **1- 5 marc** |

| | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta/Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Léiriú na dTorthaí**<br>Achoimre ar an anailís (tástálacha) a rinneadh agus na sonraí a bailíodh. | Léiriú ar shonraí úsáideacha ó réimsí feidhmíochta difriúla | Sonraí ó réimsí feidhmíochta difriúla léirithe | Sonraí ó réimsí ábhartha feidhmíochta léirithe | Teorainn leis na sonraí feidhmíochta atá léirithe. |
| **4 mharc** | **4 mharc** | **3 mharc** | **2 mharc** | **1 mharc** |
| | | | | |
| **IOMLÁN Roinn A** | **22 marc** | | | |

| Roinn B<br>42 marc<br>@3 x 14 mharc | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta/lag |
|---|---|---|---|---|
| Thart ar 800 focal molta<br>**Marcáilte de réir Sprioc Feidhmíochta** | Naisc iontacha déanta le prionsabail theoiriciúla iontaofa agus baint acu leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaítear. | Naisc déanta le prionsabail theoiriciúla iontaofa agus baint acu leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaítear. | Fianaise de naisc theoiriciúla agus iad bainteach leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaítear. | Fianaise theoranta de naisc theoiriciúla, eolas ginearálta seachas eolas a bhfuil baint ar leith aige leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaítear. |
| | | | | |
| **Sprioc Feidhmíochta le Réasúnaíocht** | Sprioc shoiléir ghonta a bhíonn ag teacht le SMART nó gné éigin cosúil leis bunaithe ar chur i bhfeidhm iontaofa na teoirice agus iniúchadh cuimsitheach déanta ar an anailís feidhmíochta. Réasúnaíocht bunaithe ar theoiric agus ar anailís feidhmíochta iontaofa, a léiríonn eolas agus tuiscint chuimsitheach ar ról na gníomhaíochta coirp a roghnaíodh agus tuiscint shoiléir ar na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp a roghnaíodh. | Sprioc dhúshlánach agus réalaíoch bunaithe ar iniúchadh ar an anailís feidhmíochta nó ar na riachtanais a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. Réasúnaíocht a léiríonn na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp a roghnaíodh. | Sprioc atá bunaithe ar iniúchadh ar an anailís feidhmíochta nó ar na riachtanais a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. Réasúnaíocht a léiríonn tuiscint áirithe ar na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp a roghnaíodh. | Sprioc luaite gan ach nasc an-bheag déanta leis an anailís feidhmíochta nó na riachtanais a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe.<br>Fianaise theoranta nó gan fianaise ar bith sa réasúnaíocht de chur amach nó de thuiscint ar na riachtanais a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh. |
| **4 mharc** | **4 mharc** | **3 mharc** | **2 mharc** | **1 mharc** |

| | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **Clár Traenála/cleachtaidh**<br>Tagairt don sprioc luaite | Fianaise de thuiscint ar réimse leathan prionsabal teoiriciúla agus iad curtha i bhfeidhm. Clár traenála/cleachtaidh mionsonraithe, cruinn agus oiriúnach atá nasctha go díreach leis an anailís feidhmíochta agus an sprioc. Cuireadh réimse leathan straitéisí i bhfeidhm. | Fianaise tugtha gur baineadh úsáid as réimse prionsabal teoiriciúil iontaofa chun plean cruinn a fhorbairt, deartha go soiléir le haghaidh a thabhairt ar an sprioc feidhmíochta a sonraíodh. Úsáid bainte as réimse straitéisí ábhartha. | Fianaise tugtha gur baineadh úsáid as prionsabail theoiriciúla iontaofa chun plean cruinn a fhorbairt, deartha go soiléir le haghaidh a thabhairt ar an sprioc feidhmíochta a sonraíodh. Úsáid bainte as réimse straitéisí. | Fianaise áirithe de phrionsabail theoiriciúla. Dearadh an plean le haghaidh a thabhairt ar an sprioc feidhmíochta a sainaithníodh. Úsáid bainte as straitéisí oiriúnacha. | Fíorbheagán fianaise de phrionsabail theoiriciúla ar fáil. Níl baint ar bith ag an bplean leis an sprioc feidhmíochta a sainaithníodh. Is beag baint a bhí ag na straitéisí leis an sprioc feidhmíochta a sainaithníodh nó leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh. |
| **8 marc** | **8 marc** | **6-7 marc** | **4-5 mharc** | **2-3 mharc** | **1 mharc** |

| | Maith | Dona |
|---|---|---|
| **Machnamh**<br>machnamh leanúnach bunaithe ar thaithí | Machnamh leanúnach (2 phointe ama ar a laghad) bunaithe ar thaithí ó bheith ag obair ar agus/nó i mbun bainistíochta ar an bplean traenála. | Machnamh áirithe déanta ar thaithí ó bheith ag obair ar agus/nó i mbun bainistíochta ar an bplean traenála. |
| **2 mharc** | **2 mharc** | **1 mharc** |
| **IOMLÁN Roinn B** | **3 x 14 mharc = 42 mharc** | |

| Roinn C<br>20 marc | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| Thart ar 400 focal molta | Bunaithe ar thuiscint dhomhain ar phrionsabail theoiriciúla iontaofa agus conas iad a chur i bhfeidhm. Baint leanúnach agus chruinn leis an ngníomhaíocht choirp roghnaithe. | Bunaithe ar thuiscint shoiléir agus ar chur i bhfeidhm na teoirice. Ábhartha don ghníomhaíocht choirp roghnaithe. | Bunaithe ar thuiscint agus ar chur i bhfeidhm na teoirice. Oiriúnach don ghníomhaíocht choirp roghnaithe. | Bunaithe ar thuiscint áirithe agus ar chur i bhfeidhm na teoirice. Ábhartha don ghníomhaíocht choirp roghnaithe. | Fíorbheagán fianaise tugtha de chur i bhfeidhm ná de thuiscint ar an teoiric. Ábharthacht áirithe don ghníomhaíocht choirp roghnaithe. |
| | | | | | |
| **Ath-anailís Feidhmíochta**<br>Mínigh an anailís, tabhair achoimre ar na torthaí | Anailís chuimsitheach ábhartha iarthraenála ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe, bunaithe ar anailís tosaigh, ar na spriocanna a sainaithníodh agus ar an teoiric. | Anailís mhionsonraithe iarthraenála ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp agus naisc déanta leis an anailís tosaigh agus leis na spriocanna a sainaithníodh le naisc theoiriciúla léirithe. | Anailís iarthraenála ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe léirithe. Naisc áirithe déanta leis an anailís tosaigh agus leis na spriocanna a sainaithníodh le naisc theoiriciúla áirithe léirithe. | Anailís teoranta iarthraenála ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe léirithe. Tagairt déanta do na spriocanna a sainaithníodh gan nasc ar bith leis an bhfeidhmíocht tosaigh ná leis an teoiric. | Gan aon anailís iarthraenála déanta ar an bhfeidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe. Fíorbheagán tagartha déanta nó gan tagairt ar bith déanta do na spriocanna a sainaithníodh. |
| **10 marc** | **10 marc** | **8- 9 marc** | **6- 7 marc** | **4- 5 mharc** | **1- 3 mharc** |
| | **Sármhaith** | **An-mhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Lag** |
| **Machnamh deiridh** | Déanann athbhreithniú ar na sonraí ón anailís iarthraenála agus aird ar leith tugtha ar na spriocanna a sainaithníodh agus ar éifeachtúlacht na gclár traenála/cleachtaidh. | Tagairt déanta do chláir traenála agus do thorthaí anailíse tar éis iad a bheith curtha i bhfeidhm. | Déanann tagairt do chláir traenála san anailís deiridh; nasctha leis an bhfeidhmíocht. | Machnamh áirithe déanta ar an tionscadal a tugadh agus tagairt déanta do spriocanna/don fheidhmíocht tosaigh/don ghníomhaíocht choirp a roghnaíodh. | Machnamh teoranta curtha ar fáil. |
| **5 mharc** | **5 mharc** | **4 mharc** | **3 mharc** | **2 mharc** | **1 mharc** |
| | | | | | |

| Na Chéad Chéimeanna Eile<br>5 mharc | Maith | Réasúnta/Lag |
|---|---|---|
| **Na Chéad Chéimeanna Eile**<br>Áiríodh iad seo a leanas i measc na moltaí le haghaidh na gcéad chéimeanna eile chun feabhas breise a dhéanamh | Céim chruinn agus loighciúil eile curtha ar fáil. Baineann an chéad chéim eile leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh. | Fianaise áirithe den chéad chéim eile curtha ar fáil. |
| **5 mharc** | **5 mharc** | **2 mharc** |
| | | |
| **IOMLÁN Roinn C** | **20 marc** | |

| Comhleanúnachas Ginearálta & Tagairt 16 mharc: | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| (Ní roinn ar leith den tionscadal í seo) | Tá comhleanúnachas, caighdeán agus soiléireacht iontach ag an tionscadal chomh maith le fianaise oiriúnach anailíse tugtha agus naisc chruinne, shoiléire déanta le prionsabail theoiriciúla iontaofa. Tá éifeachtúlacht ag baint leis an gcumarsáid agus taighde maith déanta uirthi. Cuireann físeáin soiléireacht agus luach leis an obair, tugann siad tacaíocht don téacs i ngach rannóg. | Tá comhleanúnachas, caighdeán agus soiléireacht an-mhaith ag an tionscadal chomh maith le fianaise oiriúnach anailíse tugtha agus naisc chruinne déanta le prionsabail theoiriciúla iontaofa. Tá an chumarsáid soiléir agus tá taighde maith déanta uirthi. Cuireann na físeáin soiléireacht agus luach áirithe leis an obair, tacaíonn iad leis an téacs sna 3 rannóg ar fad. | Tá comhleanúnachas agus caighdeán maith ag an tionscadal chomh maith le fianaise oiriúnach anailíse tugtha agus naisc déanta le prionsabail theoiriciúla iontaofa. Tá an chumarsáid soiléir agus tá fianaise tugtha go ndearnadh taighde uirthi. Cuireann na físeáin soiléireacht leis an obair, tacaíonn iad leis an téacs in 2 rannóg ar a laghad. | Tá comhleanúnachas áirithe ag an tionscadal chomh maith le fianaise anailíse tugtha agus naisc áirithe déanta le prionsabail theoiriciúla iontaofa. Tá an chumarsáid soiléir agus tá fianaise áirithe tugtha go ndearnadh taighde uirthi. Cuireann na físeáin soiléireacht leis an obair, tacaíonn iad leis an téacs in 1 rannóg ar a laghad. | Tá teorainn le comhleanúnachas an tionscadail nó tá easpa comhleanúnachais ann, gan aon fhianaise ábhartha anailíse tugtha agus gan nasc ar bith le prionsabail theoiriciúla. Tá an chumarsáid réasúnta soiléir agus is beag fianaise atá léirithe de thaighde ar bith. Sa chás gur cuireadh físeáin ar fáil, is beag luach a bhí ag baint leo don téacs. |
| **16 mharc:** | **16** | **14** | **12** | **8** | **5** |

**Tá 3 fhíseán ag teastáil**

Físeán Roinn A **agus** Físeán Roinn B **agus** Físeán Roinn C

Bronn **5** mar uasmharc sa chás **nach mbíonn** físeán ar bith san áireamh
Bronn **8** mar uasmharc sa chás nach dtugtar ach **1 fhíseán**
Bronn **12** mar uasmharc sa chás nach dtugtar ach **2 fhíseán**

**Sa chás nach gcuirtear liosta tagartha/leabharliosta ar bith ar fáil déan an t-uasmharc 12 a bhronnadh**

| Srianta: | | |
|---|---|---|
| 16 íomhá ar a mhéid:<br>• 4 íomhá ar a mhéid i Roinn A<br>• 8 n-íomhá ar a mhéid i Roinn B<br>• 4 íomhá ar a mhéid i Roinn C<br>**[sárú amháin ar a mhéid]** | Tá cosc ar chólláisí físeán<br>Tá cosc ar chólláisí íomhánna<br>Tá cosc ar íomhánna ar bith sna físeáin<br>Tá cosc ar an iomarca téacs sna híomhánna | Líon focal 1600<br>Líon leathanach 28<br>Méid an fhíseáin uasmhéid 1GB<br>Fad an fhíseáin 4 nóiméad ar a mhéid |
| Déan **14** mharc ar a mhéid a bhronnadh má bhíonn **sárú amháin ar shrianta** ann<br>Déan **12** mharc ar a mhéid a bhronnadh má bhíonn **2 shárú ar shrianta** ann<br>Déan **8** mharc ar a mhéid a bhronnadh má bhíonn **3 shárú ar shrianta** ann<br>Déan **5** mharc ar a mhéid a bhronnadh má bhíonn **4+ shárú ar shrianta** ann | | |

**Tionscadal Gníomhaíochta Coirp na hArdteistiméireachta**
**Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal**

Tá 20% de na marcanna atá ar fáil i scrúdú Ardteistiméireachta an Chorpoideachais ag dul don Tionscnamh Gníomhaíochta Coirp agus déantar é a mheasúnú ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal. Tá foirm agus riachtanais an tionscnaimh mar an gcéanna ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal araon, mar sin ní gá go roghnódh iarrthóirí a leibhéal ag am an iarratais. Déanfar idirdhealú ag tráth an mheasúnaithe.

Chun an t-ailíniú ceart idir an caighdeán riachtanach a chinntiú chun gráid a ghnóthú ag an dá leibhéal (A5 = G1; A6 = G2; A7 = G3) marcáiltear an obair ar fad i dtosach ar scála tagartha. Aistrítear na marcanna tagartha seo go marcanna Ardleibhéil nó Gnáthleibhéil ansin mar is cuí.

D'fhonn éascaíocht an fhorfheidhmithe, deartar an scála tagartha chun teacht le scála an Ardleibhéil. Dá réir sin, i ndiaidh go mbronntar marc ar Thionscadal Gníomhaíochta Coirp an iarrthóra ar an scála tagartha, taifeadtar an marc tagartha sin i gcás iarrthóirí Ardleibhéil mar mharc deiridh acu don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp, agus déantar leasú ar mharc iarrthóirí Gnáthleibhéil chun an marc tagartha a aistriú go dtí an marc deiridh acu don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp. Léiríonn an tábla thíos an t-ailíniú idir na gráid.

| Grád an Ardleibhéil | Gnáthghrád | Marc Tagartha | Marc an Ardleibhéil | Marc an Ghnáthleibhéil |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | 90 – 100 | 90 – 100 | 100 |
| 2 | | 80 - 89 | 80 - 89 | 100 |
| 3 | | 70 – 79 | 70 – 79 | 100 |
| 4 | | 60 – 69 | 60 – 69 | 100 |
| 5 | 1 | 50 – 59 | 50 – 59 | 90-100 |
| 6 | 2 | 40 – 49 | 40 – 49 | 80 - 89 |
| 7 | 3 | 30 – 39 | 30 – 39 | 70 – 79 |
| 8 | 4 | 25 – 29 | 25 – 29 | 60 – 69 |
| | 5 | 20 – 24 | 20 – 24 | 50 – 59 |
| | 6 | 15 – 19 | 15 – 19 | 40 – 49 |
| | 7 | 10 – 14 | 10 – 14 | 30 – 39 |
| | 8 | 0 – 9 | 0 – 9 | 0 – 29 |

| **TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA COIRP– coinbhéartú ón marc tagartha go dtí marc an Ghnáthleibhéil**<br>Maidir le hiarrthóirí Gnáthleibhéil, faightear an marc deiridh ón marc tagartha mar seo a leanas:<br>• Más é 60 nó níos mó an marc tagartha is é 100 an marc deiridh.<br>• Más é 30 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 60, ansin cuir 40 leis an marc tagartha chun an marc deiridh a fháil.<br>• Más é 1 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 30, ansin dúbláil an marc tagartha agus cuir 10 leis chun an marc deiridh a fháil. | |
|---|---|
| **Sonraí** | **Coinbhéartú** |
| 60 nó níos mó | Tabhair 100 marc |
| 30 – 59 | Cuir 40 marc leis |
| 1 – 29 | Déan an marc tagartha a iolrú faoi 2 agus |
| 0 | 0 |

**Scrúdú na hArdteistiméireactha Corpoideachas Measúnú ar Fheidhmíocht Comhleibhéal**

**150 marc**

Tá 30% de na marcanna atá ar fáil i scrúdú Ardteistiméireachta an Chorpoideachais ag dul don Mheasúnú ar Fheidhmíocht agus déantar é a mheasúnú ag Comhleibhéal

**Tá dhá ghníomhaíocht ag teastáil más rince, aclaíocht phearsanta agus gníomhaíochtaí aclaíochta a léireofar.  Sa chás seo, ní mór an dá ghné a bhaineann leis an bhfeidhmíocht a chur san áireamh agus marcanna á mbronnadh.*

Tá riachtanais shonraithe ag gabháil gach gníomhaíocht aclaíochta ó thaobh na scile agus na dteicnící/modhanna de, déan tagairt do na sonraí a bhaineann le gach gníomhaíocht sula mbronnfar marcanna uirthi.  Tá na sonraí ar lch. 34-45 den tsonraíocht a bhaineann le Corp Oideachas na hArdteistiméireachta.

## Scéim Marcála Ardleibhéil an Chorpoideachais - Measúnú ar Fheidhmíocht [150 marc]

**Comhthéacsanna: Feidhmíocht phearsanta, Cleachtadh iomaíoch agus/nó Cleachtadh aclaithe**

**Cás 1:** cluichí, uisce, eachtraíocht, lúthchleasaíocht - fianaise de: scileanna & teicnící; teaicticí/ straitéisí; sábháilteacht; rialacha/ rialacháin, cóid chleachtais atá bainteach le gníomhaíochtaí

**Cás 2:** rince, gleacaíocht - rince 2: rince aonair; beirte; grúpa.  Bíodh an méid seo a leanas san áireamh: cumas agus samhlaíocht léirithe agus scileanna/ teicnící á gcur le chéile a bhfuil baint acu le stíl an imeachta ghleacaíochta **NÓ** cumas léirithe i meascán samhlaíoch na ngluaiseachtaí a léiríonn ábaltacht theicniúil i stíl oiriúnach an imeachta rince; Dearadh cumadóireachta agus/nó cóiréagrafaíochta lena n-áirítear úsáid prapaí agus/nó feistis má bhíonn siad oiriúnach; cruthaitheacht; sábháiltracht; rialacha, rialacháin, cóid chleachtais

**Cás 3:** aclaíocht phearsanta & aclaíocht; gné aeróbach **agus** aclaithe ag teastáil - **PRF (gné amháin nó níos mó)** nó **HRF (gnéithe ar fad)**; cuir prionsabail na traenála i bhfeidhm, criosanna traenála, tairseacha, bristeacha oibre-bisigh, téamh suas/ fuarú; bídís seo a leanas san áireamh: téamh suas, gníomhaíochtaí forbartha (oiriúnaithe & dul chun cinn); fuarú; sábháilteacht; rialacha; rialacháin; cóid chleachtais i suíomh traenála

| **Scil & Teicníc**<br>**60 marc** | | | **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** |
|---|---|---|---|---|---|
| Le haghaidh na ngnéithe ar fad a bhaineann le scil agus teicníc | | | **Is gá go léireofaí réimse leathan scileanna/teicnící leagtha amach sa tsonraíocht** | **Is gá go léireofaí réimse scileanna/teicnící leagtha amach sa tsonraíocht** | **Is gá go léireofaí scileanna/teicnící áirithe leagtha amach sa tsonraíocht** |
| An cumas a bheith in ann scileanna & teicnící oiriúnacha a roghnú & a chur i bhfeidhm. | Cuireann scileanna/ teicnící oiriúnacha/ ábhartha/ cuí i bhfeidhm. Léiríonn cruthaitheacht i bhfeidhmíocht scileanna. | **15** | Léirítear ón scil a roghnaíodh go bhfuil cumas iontach ag an iarrthóir an scil is oiriúnaí agus is ábhartha do chomhthéacsanna uile na feidhmíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm  Tá cruthaitheacht le feiceáil agus an scil á léiriú i gcás a bhfuil bhrú ag baint leis. | Tá baint ag na scileanna a roghnaíodh leis an gcomhthéacs feidhmíochta. | Tá baint ag an gcuid is mó de na scileanna a roghnaíodh leis an gcomhthéacs feidhmíochta. |
| | | | **13-15 marc** | **7-12 marc** | **1-6 marc** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| An cumas a bheith in ann scileanna & teicnící oiriúnacha a léiriú. | Cruinneas & leanúnachas agus an scil á léiriú (teicníc coimeádta). | **15** | Cruinn agus leanúnach agus scileanna á léiriú. | Cruinn den chuid is mó agus roinnt mhaith leanúnachais agus an scil á léiriú. | Cruinneas teoranta agus leanúnachas áirithe agus scileanna áirithe á léiriú. |
| | | | **13-15 marc** | **7-12 marc** | **1-6 marc** |
| | Smacht & Ligtheacht. | **20** | Smacht iontach agus ligtheacht ghluaiseachta le feiceáil agus scileanna á léiriú. Tá stíl éasca ag baint leis na scileanna a léirítear. | Tá smacht agus ligtheacht le feiceáil sna scileanna. Tá teannas le brath/comhordú á chailliúint sna scileanna. | Smacht teoranta nó smacht ar bith agus easpa ligtheachta agus scileanna á léiriú.<br>Tá gluaiseachtaí snagach/gan comhordú ar bith sna scileanna. |
| | | | **17-20 marc** | **9-16 marc** | **1-8 marc** |
| | Socair faoi bhrú. | **10** | Léirítear socracht teicníce sna scileanna a léirítear faoi bhrú. | Coimeádtar socracht teicníce sna scileanna nuair a léirítear faoi bhrú iad. | Is beag socracht teicníce atá léirithe nuair a dhéantar scileanna a léiriú faoi bhrú. |
| | | | **9-10 marc** | **5-8 marc** | **1-4 marc** |
| **60 marc** | | | | | |

| **Prionsabail imeartha/feidhmíochta, nósanna/teaicticí/straitéisí/gnéithe comhdhéanaimh/ceisteanna traenála 40 marc** | | | **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** |
|---|---|---|---|---|---|
| Prionsabail imeartha/ feidhmíochta agus nósanna gníomhaíochta. | Fianaise go dtuigtear na prionsabail imeartha/feidhmíochta, gur cloíodh leis na nósanna gníomhaíochta. | **15** | Fianaise shoiléir go bhfuil tuiscint shármhaith ag an iarrthóir ar chur i bhfeidhm na bprionsabal imeartha/cleachtais agus ar nósanna ar bith a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh. | Fianaise ar chur i bhfeidhm na bprionsabal imeartha/cleachtaidh agus nósanna ar bith a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh. | Fianaise theoranta ar na prionsabail imeartha/chleachtaidh agus nósanna a bhaineann leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh/ iad curtha i bhfeidhm go lag |
| | | | **15 mharc** | **8 marc** | **3 marc** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Déan réimse teaicticí/ straitéisí a chur i bhfeidhm & a chur in oiriúint mar fhreagra ar chleachtas aclaithe nó cás iomaíoch. | Úsáid oiriúnach straitéise/ teaicticí/ gnéithe comhdhéanaimh/ ceisteanna traenála don ghníomhaíocht<br>Bíonn tionchar dearfach ag an gcinnteoireacht le linn na feidhmíochta ar an bhfeidhmíocht.<br>Cás(anna) ar baineadh úsáid astu a bhí oiriúnach don timpeallacht iomaíoch/ thraenála sa ghníomhaíocht. | **25** | Léirítear cinnteoireacht agus úsáid shármhaith straitéisí/teaicticí/gnéithe comhdhéanaimh/ceisteanna traenála oiriúnacha a bhfuil baint acu le cúinsí na feidhmíochta a tugadh i gcásanna cleachtaidh iomaíocha/aclaithe a mbíonn tionchar dearfach acu ar an bhfeidhmíocht.<br>Déantar cás iontach a léiriú agus baineann sé go héasca le timpeallacht iomaíoch/thraenála sa ghníomhaíocht a roghnaíodh. | Léirítear cinnteoireacht agus úsáid oiriúnach saitéisí/teaicticí/gnéithe comhdhéanaimh/ceisteanna traenála a bhfuil baint acu le cúinsí na feidhmíochta a tugadh i gcásanna cleachtaidh iomaíocha/aclaithe a mbíonn tionchar réasúnta dearfach acu ar an bhfeidhmíocht.<br>Déantar cás a léiriú atá oiriúnach i gcás timpeallacht iomaíoch/thraenála sa ghníomhaíocht a roghnaíodh. | Fianaise theoranta ar úsáid agus ar oiriúnú straitéisí/teaicticí/gnéithe comhdhéanaimh/ceisteanna traenála oiriúnacha.<br>Fianaise áirithe ar chinnteoireacht mhaith a bhfuil tionchar dearfach aige ar an bhfeidhmíocht.<br>Bíonn cásanna oiriúnach don ghníomhaíocht roghnaithe de ghnáth. |
| | | | **25 marc** | **15 marc** | **5 marc** |
| **40 marc** | | | | | |

**Aclaíocht Phearsanta & Aclaíocht -** gnéithe riachtanacha: Téamh suas, traenáil aeróbach, aclú & friotaíocht, fuarú.

| | |
|---|---|
| **Prionsabail na Feidhmíochta**<br>Sa chás go mbíonn **gné amháin** in easnamh bronntar **8 marc ar a mhéad**<br>Sa chás nach léirítear **2+ ghné** bronntar **53mharc ar a mhéad** | **Cur i bhfeidhm/oiriúnú straitéisí**<br>Sa chás go mbíonn **gné amháin** in easnamh bronntar **15 marc ar a mhéad**<br>Sa chás nach léirítear **2+ ghné** bronntar **5 mharc ar a mhéad** |

| Cur i bhfeidhm na rialacha/na gcód cleachtais<br>10 marc | | | Sármhaith | Maith | Réasúnta |
|---|---|---|---|---|---|
| Cuir rialacha/rialacháin na gníomhaíochta i bhfeidhm go cruinn.<br>Cloígh leis na cóid chleachtais sa ghníomhaíocht. | Cloítear le rialacha/ rialacháin agus le cóid chleachtais na gníomhaíochta. | **10** | Cloítear leis na rialacha/rialacháin agus na cóid chleachtais ar fad atá ag an ngníomhaíocht roghnaithe i ngnéithe uile na feidhmíochta. | De ghnáth, tugtar fianaise san fheidhmíocht gur cloíodh le rialacha/rialacháin agus le cóid chleachtais na gníomhaíochta a roghnaíodh. | Níor cloíodh go rómhaith le rialacha/rialacháin ná le cóid chleachtais na gníomhaíochta a roghnaíodh. |
| | | | **10 marc** | **8 marc** | **4 mharc** |
| **10 marc** | | | | | |
| **Cleachtas sábháilte**<br>**10 marc** | | | **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** |
| Cleachtas sábháilte san fheidhmíocht. | Ullmhú sábháilte le haghaidh na gníomhaíochta & chun í a chur i gcrích.<br>Baintear úsáid oiriúnach & shábháilte as an trealamh agus as an bhfeisteas & timpeallacht shábháilte curtha ar fáil. | **10** | Fianaise iontach maidir leis an gcleachtas sábháilte sa téamh suas agus san fhuarú, úsáid an trealaimh, úsáid na n-áiseanna agus i ngach gné a bhaineann leis an bhfeidhmíocht. | Bíonn an chuid is mó de na cleachtais sábháilte, an téamh suas agus san fuarú, úsáid an trealaimh agus na n-áiseanna san áireamh. | Cleachtas sábháilte le feiceáil in áiteanna. |
| | | | **10 marc** | **5 marc** | **3 mharc** |
| **10 marc** | | | | | |

| **Feidhmíocht Iomlán**<br>**30 marc** | | | **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** |
|---|---|---|---|---|---|
| | Feidhmíocht chumasach i riachtanais uile na sonraíochta. Feidhmíocht leanúnach sna gnéithe uile de riachtanais na sonraíochta. Réimse iomlán scileanna / teicnící san áireamh. Léirítear an cumas feidhmiú faoi bhrú / i gcás dúshlánach. | | Léirítear féinmhuinín agus cumas sna riachtanais ar fad den ghníomhaíocht roghnaithe.<br>Leanúnachas iontach i ngnéithe uile na feidhmíochta.<br>Léirítear na scileanna/teicnící ar fad i gcásanna dúshlánacha agus iomaíocha a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh. Fianaise shoiléir agus mhionsonraithe curtha ar fáil den fheidhmíocht i réimse comhthéacsanna éagsúla a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh. | Léirítear cumas sna riachtanais ar fad den ghníomhaíocht roghnaithe.<br>Leanúnach sa chuid is mó de ghnéithe na feidhmíochta.<br>Léirítear na scileanna/teicnící ar fad i gcásanna dúshlánacha nó iomaíocha a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh.<br>Fianaise shoiléir áirithe curtha ar fáil den fheidhmíocht i réimse comhthéacsanna éagsúla a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh. | Léirítear cumas i gcuid de na riachtanais den ghníomhaíocht roghnaithe.<br>Feidhmíocht réasúnta leanúnach.<br>Léirítear scileanna/teicnící i gcás iomaíoch nó dúshlánach a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh.<br>Fianaise theoranta curtha ar fáil den fheidhmíocht i gcomhthéacsanna a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaíodh. |
| | **30 marc** | | **25-30 marc** | **13-24 marc** | **1-12 marc** |

**Déan machnamh ar gach ceann díobh seo a leanas le do thoil sula mbronntar marc ar an bhfeidhmíocht iomlán**

**Am an fhíseáin 8nóim ar a mhéad:** sa chás go mbíonn an físeán níos faide ná seo bronn **12 mharc ar a mhéad.**

| | |
|---|---|
| **Aclaíocht Phearsanta & Aclaíocht:** sa chás nach léirítear gné amháin **bronn 12 mharc ar a mhéad** | **Rince:** sa chás nach léirítear 2 taispeántais **bronn 12 mharc ar a mhéad** |
| **Uiscíocht:** sa chás nach léirítear 2 bhuille **bronn 12 mharc ar a mhéad** | **Lúthchleasaíocht Imeachtaí páirce** (léime & caithimh):sa chás nach léirítear 3 iarraidh **bronn 12 mharc ar a mhéad** |

**Feidhmíocht neamhiomlán:** níor léiríodh na scileanna / teicníochtaí go léir a theastaíonn ón tsonraíocht
**1-2** scil nach gcuirtear i láthair **bronn 18 mharc ar a mhéad**. **3+** scil nach gcuirtear i láthair **bronn 6 mharc ar a mhéad.**

**Sáruithe: Sarú amháin bronn 18 mharc ar a mhéad, 2 shárú nó níos mó bronn 6 mharc ar a mhéad .**
Déan iarracht gach ceann de na sáruithe seo a leanas a thuiscint agus na hathruithe is gá a chur i bhfeidhm ar an bhfeidhmíocht iomlán i gcás ina sáraíonn an t-iarrthóir

**Anailís / téacs eile seachas na sleamhnáin / an guthú / ní cheadaítear ceol.** *ceadaítear ceol don rince

**Tá cosc ar ghrianghraif.**

**Tá cosc ar chlláisí físeán.**

**Ní cheadaítear luas an fhíseáin a athrú.**

**Níl sleamhnán tosaigh a thugann gníomhaíocht PAP agus PA le fios ceadaithe.**

**Gníomhaíocht PA mícheart luaithe ar an sleamhnáin tosaigh**

**Léiríonn an sleamhnáin tosaigh go bhfuil an PA agus an PAP déanta sa réimse gníomhaíochta coirp céanna**

**Sleamhnáin bhreise:** sleamhnán tosaigh + 5 sleamhnán amháin atá ceadaithe.

**Léiriú amháin:** an léiriú amháin is fear atá ag teastáil.

**Lúthchleasaíocht**

- Caithfidh réimse lúthchleasaíochta a bheith san áireamh sa sleamhnán tosaigh mar shampla ráibrás 100m
- Caithfidh am agus achar a chlúdaítear a bheith san áireamh i sleamhnáin amháin.
- Caithfidh airde na gcliath and líon na gcliath (do na cléithe) a bheith san áireamh i sleamhnáin amháin.
- Caithfidh meáchan agus achar caite do gach ceann de na trí chaitheamh a bheith san áireamh (do na caitheamh)
- Caithfidh airde/achar léimithedo gach ceann de na trí léimithe a bheith san áireamh (do na léimithe)

**Uiscíocht**

- Ní mór don sleamhnán tosaigh an réimse uiscíochta a shainaithint lena n-áirítear dhá stró nuair is cuí
- Caithfidh fad an snámh agus an t-am tóghta a bheith san áireamh

**Rince**

- Caithfidh seánra agus stíl an damhsa a bheith san áireamh sa sléamhnán tosaigh

**Gleacaíocht**

- Caithfidh ealaíonta/rithimeach a bheith luaithe sa sleamhnán tosaigh

**Aclaíocht Phearsanta & Aclaíocht**
3 iarracht ar a laghad in aghaidh na gníomhaíochta

- Caithfidh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa sleamhnán tosaigh:
  - Gné den aclaíocht, i.e. HRF nó PRF
  - An gníomhaíocht choirp ar a bhfuil an clár déanta i gcás an iarrthóra a roghnaíonn PRF
  - An modh roghnaithe oiliúna aeróbach
  - An modh roghnaithe aeroiriúnaithe agus gníomhaíochta friotaíochta

**Rince** - déantar léirithe aonair agus grúpa a scaradh óna chéile agus iad á marcáil Bronn an meánmharc ón dá mharc: $\frac{marc\ 1 + marc\ 2}{2} = marc\ awarded$

## Líon Iomlán na Marcanna = 150

Leathanach Bán

Leathanach Bán